Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2023/2433

27.10.2023

**CINNEADH (AE) 2023/2433 ÓN gCOMHAIRLE EORPACH**

**an 24 Deireadh Fómhair 2023**

**lena gceaptar comhalta de Bhord Feidhmiúcháin an Bhainc Cheannais Eorpaigh**

TÁ AN CHOMHAIRLE EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 283(2) de,

Ag féachaint don mholadh ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh ([1]),

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa ([2]),

Ag féachaint don mholadh ó Chomhairle Rialaithe an Bhainc Ceannais Eorpaigh ([3]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ceapadh Fabio PANETTA ina chomhalta de Bhord Feidhmiúcháin an Bhainc Cheannais Eorpaigh ón 1 Eanáir 2020 i leith ar feadh téarma oifige 8 mbliana. An 12 Iúil 2023, chuir Uachtarán an Bhainc Ceannais Eorpaigh in iúl d'Uachtarán na Comhairle Eorpaí cinneadh Fabio Panetta éirí as a phost le éifeacht ón 1 Samhain 2023.

(2) Is gá mar sin comhalta nua de Bhord Feidhmiúcháin an Bhainc Cheannais Eorpaigh a cheapadh.

(3) Is mian leis an gComhairle Eorpach Piero CIPOLLONE a cheapadh, duine a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 283(2) den Chonradh, de réir a tuairime,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Ceaptar leis seo Piero CIPOLLONE ina chomhalta de Bhord Feidhmiúcháin an Bhainc Cheannais Eorpaigh ón 1 Samhain 2023 i leith ar feadh téarma oifige 8 mbliana.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 24 Deireadh Fómhair 2023.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

P. NAVARRO RÍOS

---

([1]) IO C 334, 22.9.2023 lch. 1.
([2]) Tuairim an 17 Deireadh Fómhair 2023 (nár foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil).
([3]) IO C, C/2023/99, 2.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/99/oj.